Anseo is Ansiúd

**Book 3**
**Lesson 19**



# Cluiche Iománaíochta

| | | |
|---|---|---|
| Moltóir | | Moltóir |
| | Cúl báire | |
| Cúlaí | Cúlaí | Cúlaí |
| Leath-chúlaí | Leath-chúlaí | Leath-chúlaí |
| | Réiteoir | |
| Fear láir | | Fear láir |
| Leath-thosaí | Leath-thosaí | Leath-thosaí |
| Tosaí | Tosaí | Tosaí |

Bhí cluiche iománaíochta idir bhuachaillí na scoile agus buachaillí Bhaile na nGall. Bhí Liam ina fhear láir ar fhoireann na scoile. Ba é Gearóid an cúlbáire. Bhí an dá fhoireann **ar pháirc na himeartha** ag a trí a chlog. Ghlaoigh an réiteoir an bheirt chaptaen go lár na páirce. Chaith sé **bonn** suas san aer agus bhuaigh captaen Bhaile na nGall an caitheamh. Dúirt sé go n-imreodh sé **le gaoith.**
Ansin tháinig na fir láir go lár na páirce agus caitheadh isteach an sliotar. Liam a rug air ar dtús agus bhuail sé lena chamán é.
Stop cúlaí ard an sliotar agus chuir sé ar ais go lár na páirce é. Bhí an sliotar ina láimh ag an bhfear láir agus thosaigh sé ag rith.
Nuair a bhí sé tríocha slat amach ón gcúl bhuail sé é agus chuir sé thar an trasnán é. Níor fhéad Gearóid é a stopadh. D'ardaigh an moltóir an brat bán. **Cluiche dian garbh** a bhí ann. Bhí an dá fhoireann ar **chomhscór** ag leath-am.
San dara leath bhí an imirt níos déine. Bhí an sliotar ar a chamán ag Liam agus é ag rith ar nós na gaoithe. Rith na cúlaithe amach chuige agus leag siad é. Shéid an réiteoir an fheadóg agus thug sé poc saor do Liam. Chuir Liam an sliotar faoin dtrasnán agus ghnóthaigh sé cúl.
D'ardaigh an moltóir an brat uaine. Ansin rinne Liam feall ar dhuine de na tosaithe agus labhair an réiteoir leis. **B'éigean** ionadaí a chur isteach in ionad Ghearóid mar ghortaigh sé a lámh. I ndeireadh na dála bhí an bua ag foireann Liam. **Bhí dhá chúl** agus seacht gcúilín acu agus ní raibh ach cúl amháin agus trí chúilín ag Baile na nGall.

**Seanfhocail:**
1. Tá cead cainte ag fear caillte na himeartha.
2. Is fearr mac le himirt ná mac le hól.
3. Taithí a dhéanann máistreacht.

## A. Foclóir
**bonn,** coin
**thar an trasnán,** over the crossbar
**ar chomhscór,** level/equal scores
**ionadaí,** substitute

## B. Scríobh amach an freagra ceart:
1. Cá raibh an cluiche ar siúl?
   — ar an mbóthar.
   — i bpáirc na himeartha.
   — i gclós na scoile.
2. Cad a rinne Liam leis an sliotar?
   — Chuir sé isteach ina phóca é.
   — Thug sé don réiteoir é.
   — Bhuail sé lena chamán é.
3. Cad a rinne an réiteoir nuair a leagadh Liam?
   — Shéid sé an fheadóg.
   — Scríobh sé síos a ainm.
   — Labhair sé leis.

## C. Líon isteach na bearnaí:
1. Bhí Liam ina fhear láir ar - na scoile.
2. Chaith sé - suas san aer.
3. Chuir sé an sliotar thar an -.
4. Bhí an dá fhoireann ar - ag leath-am.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:
ionadaí, fear láir, cúilín, shéid sé, cúlaí, an moltóir.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:
1. Cé bhí ag imirt?
2. Cé bhí ina chúlbháire ar fhoireann na scoile?
3. Cad a rinne an moltóir nuair a ghnóthaigh Liam cúl?
4. Cén fáth ar caitheadh bonn suas san aer?
5. Cad a thugtar ar na himreoirí a bhíonn ag imirt i lár na páirce?
6. Cad a dhéanann na cúlaithe?

## Gramadach 19

**1.** "Chaith sé bonn **suas** san aer".
Cuir isteach an focal ceart sna habairtí seo a leanas:
**thuas, suas, anuas.**
1. Bhí Seán - ar an gcrann.
2. Chuaigh Tomás - chuige.
3. Thit Liam - den chrann.

**thíos, síos, aníos.**
1. Bhí Pádraig - i bpoll sa talamh.
2. Chuaigh Micheál - chuige.
3. Tháinig Gearóid - ón bpoll.

**2.** Rith na cúlaithe amach **chuige.**
(mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan

**3. Scéal**
Dá mbeadh rothar ag Síle bhéarfadh sí air.
Rachadh sí ag rothaíocht faoin tuath. D'fheicfeadh sí coinín ar thaobh an bhóthair. Chloisfeadh sí na héin ag canadh. Geobhadh sí dhá úll i siopa ar thaobh an bhóthair.
Thabharfadh sí ceann amháin dá cara. D'íosfadh sí féin an t-úll eile.
Thiocfadh sí abhaile um thráthnóna.
Dhéanfadh sí obair dá Mamaí.
Bheadh sí sásta léi féin.

***Scríobh an scéal ag tosú mar seo:***
Dá mbeadh rothar agam bhéarfainn air -----------